C/2024/7447

13.12.2024

Nótaí míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(C/2024/7447)

De bhun Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

ar leathanach 344, cuirtear isteach an nóta míniúcháin seo a leanas:

‘8483 Fearsaidí tarchuir (lena n-áirítear ceamfhearsaidí agus cromfhearsaidí) agus cromáin; cásálacha imthacaí agus imthaca loma fearsaide; giair agus giaráil; gránscriúnna nó rollscriúnna; giarbhoscaí agus athraitheoirí luais eile, lena n-áirítear tiontairí casmhóiminte; rothaí lústair agus ulóga, lena n-áirítear bloic ulóige; crága agus cúpláin fearsaide (lena n-áirítear ailt uilíocha)

848350 Rothaí lústair agus ulóga, lena n-áirítear bloic ulóige

Áirítear leis an bhfo-cheannteideal seo rotha réchasta riain atá déanta as táirmhiotail, atá deartha lena n-úsáid i meaisíní crécharta rianaithe chun an rian a threorú agus a shleamhnú. Meastar gur ulóga scaoilte iad na hearraí sin. Ní tharchuireann siad aon chumhacht iad féin, ach coinníonn siad teannas an riain ar bun, tarchuireann siad gluaiseacht rothlach, agus mar sin gníomhaíonn siad mar threoir (féach Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 8483, cuid (G) “Ulóga, lena n-áirítear bloic ulóige”, an dara mír).’

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.